

(Ainm na scoile le cur anseo)

Gealltanais ó Tuismitheoirí faoi Pháirceáil

Bíonn an áit atá thart ar an scoil gnóthach ar maidin agus níos gnóthaí san iarnóin ag am fágála. Ba mhaith le daltaí (ainm do scoile) a iarraidh ar na tuismitheoirí agus na cúramóirí go léir gealltanais a thabhairt an pháirceáil a dhéanamh go freagrach agus de réir dlí chun an baol go dtarlódh timpistí do leanaí a laghdú.

Iarrann an Gealltanais faoi Pháirceáil ar tuismitheoirí agus ar chúramóirí:-

- Gan páirceáil ar na línte fiarláin ná ar na línte buí dúbailte ionas go mbeidh áit fágtha ag an mbealach isteach chun na scoile nach mbeidh aon charr ar bith páirceáilte ann. Beidh níos mó d'fhad amhairc ag coisithe agus ag tiománaithe carranna a bheidh ag teacht an bealach a chéile a fheiceáil. Tá na srianta páirceála i bhfeidhm ionas go mbeidh an timpeallacht sábháilte do gach uile dhuine agus, le neamhaird a dhéanamh díobh is ea is mó an baol go dtarlódh timpiste.
- Páirceáil go cúramach agus go tuisceanach ionas nach mbeidh aon charr sa bhealach ar chabhsaí mhaoine na gcomharsan agus ionas go bhféadfar dul isteach iontu agus amach astu.
- Gan páirceáil ar an gcosán. Múintear do leanaí gur áit é an cosán atá sábháilte dóibh. Nuair a bhíonn carr thuas ar chosán, nó ar leath de fiú, bíonn sé sa bhealach orthu siúd gur maith leo a bheith ag siúl, agus go speisialta ar tuismitheoirí a bhíonn amuigh leis an mbugaí.
- Teacht chun na scoile de shiúl na gcos nó ar an rothar a mhéid is féidir é. Nó má chaitheann tú an carr a úsáid, í a pháirceáil tamall gearr ón scoil agus an chuid eile den bhealach a shiúl. Fágfaidh sin nach mbeidh oiread tráchta ag an scoil agus go mbeidh an áit níos sábháilte do gach duine. Bealach é freisin le leanaí (agus daoine fásta) a choinneáil aclaí agus folláin.
- (Má tá Áit Pháirceála agus Siúil agat nó áit áirithe ar mhian leat í a bheith in úsáid ag tuismitheoirí d'fhéadfaí sin a lua anseo. D'fhéadfaí léarscáil a chur isteach anseo freisin agus na háiteanna sin a bheith uirthi).

An scoil a bheith níos sábháilte atá uainn agus mar sin bheimis buíoch díot as an ngealltanais faoi pháirceáil a shíniú. Nuair a gheallann tú páirceáil go cuí agus de réir dlí is ionann sin agus iarracht a dhéanamh saol na leanaí go léir atá ag freastal ar an scoil seo againne a chosaint.

Nuair a chuirfidh tú d'ainm leis an nGealltanais bronnfaidh an scoil suaitheantas ort a léireoidh do thiomantas don scéim. Bheimis ag súil go leanfadh daoine eile do shampla.

GO RAIBH MAITH AGAT

Is tionscnamh de chuid (Do Scoil) agus an Rannáin um Shábháilteacht ar Bhóithre, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, é seo.

Cuirim m'ainm le Gealltanais faoi Pháirceáil (ainm do scoile) d'fhonn is go mbeidh an áit thart ar an scoil níos sábháilte do gach uile dhuine.

D'ainm _____

Do Leanbh _____ Rang _____

Sínithe _____ (tuismitheoir/caomhnóir) Dáta _____